Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14588/22**

**SOC 621**
**EMPL 424**
**GENDER 182**
**ECOFIN 1142**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14036/22 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Comhionannas inscne i ngeilleagair shuaite: díriú ar an nglúin óg<br>*- Formheas* |

1. Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo sraith dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le ‘Comhionannas inscne i ngeilleagair shuaitheadh: díriú ar an nglúin óg” a d’ullmhaigh an Uachtaránacht.

2. Tá na Conclúidí bunaithe ar fhaisnéis bheartais a d’ullmhaigh an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), dar teideal *Young women and men in the aftermath of the COVID-19 pandemic* [Fir agus mná óga i ndiaidh phaindéim COVID-19] a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an doiciméad seo.

3. Pléadh na dréacht-Chonclúidí i dtrí chruinniú[1] den Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta. Tar éis comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn[2], tháinig an Mheitheal ar chomhaontú maidir leis na Conclúidí mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo[3].

[1] an 10 Meán Fómhair, an 28 Deireadh Fómhair agus an 10 Samhain 2022
[2] Féach WK 15495/22.
[3] Rinneadh na míreanna a athuimhriú go seicheamhach.

4. Iarrtar ar an gCoiste an méid a leanas a dhéanamh:

- aird a thabhairt ar an bhfaisnéis bheartais ó EIGE, mar a leagtar amach é in Aguisín 1 a ghabhann leis an doiciméad seo;
- an comhaontú ar thángthas air maidir leis na dréachtchonclúidí, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad, a dhearbhú; agus
- na dréachtchonclúidí atá i gceangal leis seo a chur ar aghaidh chuig cruinniú na Comhairle (EPSCO) an 8 Nollaig 2022 lena bhformheas.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Comhionannas inscne i ngeilleagair shuaite: díriú ar an nglúin óg**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**

**AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á ADMHÁIL AICI**

1. Tá aimsir an tsuaite os comhair na hEorpa. Ó 2019 i leith, nuair a d'fhormheas an Chomhairle conclúidí maidir le 'Comhionannas Inscne i nGeilleagair an Aontais: An Bealach Chun Cinn', tá dúshláin mhóra shocheacnamaíocha tagtha chun cinn nó is measa fós iad mar thoradh ar phaindéim COVID-19, agus cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, mar aon le boilsciú ard as a n-eascraíonn méadú ar chostais mhaireachtála, bochtaineacht fuinnimh atá ag ardú mar thoradh ar chostais bhreosla mhéadaithe, géarchéim tithíochta, agus triomaigh thromchúiseacha, falscaithe agus tuilte mar thoradh ar an athrú aeráide. Beidh tionchar diúltach suntasach fós ag gach ceann de na fadhbanna sin ar shaol na ndaoine san Eoraip, go háirithe na glúine óga agus na glúine atá le teacht. Tá gné shoiléir inscne ag baint leis na dúshláin sin go léir.

2. Tá an comhionannas inscne agus cearta an duine i gcroílár luachanna na hEorpa. Bunphrionsabal den Aontas Eorpach é go mbeadh comhionannas idir mná agus fir, bunphrionsabal atá á chumhdach agus á aithint sna Conarthaí agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais, ar cheart do na Ballstáit a urramú ina gcuid iarrachtaí maidir le neamhionannais inscne a chosc, dul i ngleic leo agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear nuair is dáileadh na rioscaí agus na sochar de bharr forbairtí ginearálta sóisialta agus eacnamaíocha atá i gceist.

3. Is í an bhliain 2022 Bliain Eorpach na hÓige, agus sa chomhthéacs sin, eagraíodh an chomhdháil 'Eoraip an lae amárach: Comhionannas Inscne agus an Geilleagar' i mí Dheireadh Fómhair 2022 chun spás a chur ar fáil ina bhféadfadh saoránaigh, go háirithe daoine óga, todhchaí na hEorpa a phlé agus ionchur a sholáthar do bheartais an Aontais amach anseo. Tá sé ríthábhachtach a áirithí go gcloisfear guthanna daoine óga agus tacú lena rannpháirtíocht chomhionann i bpróisis pholaitiúla agus bheartais i gcomhréir le cuspóirí ábhartha uile Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige 2019-2027 agus aird chuí á tabhairt ar Spriocanna ábhartha Eorpacha don Óige chun Aontas an Chomhionannais a chur chun cinn agus chun deireadh a chur le neamhionannais inscne atá níos measa mar gheall ar fhorbairtí socheacnamaíocha reatha.

**Á THABHAIRT DÁ hAIRE**

4. An staidéar ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) dar teideal *Gender equality and the socio-economic impact of COVID-19* [Comhionannas inscne agus tionchar socheacnamaíoch COVID-19], a foilsíodh an 26 Bealtaine 2021.

5. An fhaisnéis bheartais ó EIGE dar teideal *Young women and men in the aftermath of the COVID-19 pandemic* [Mná agus fir óga tar éis phaindéim COVID-19] a foilsíodh an 4 Deireadh Fómhair 2022.

6. Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) maidir le comhionannas inscne a glacadh an 13 Iúil 2022.

7. Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir le cosaint an Aontais Eorpaigh do leanaí agus do dhaoine óga atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin.

8. Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir le cumhachtú Óige na hEorpa: téarnamh fostaíochta agus téarnamh sóisialta i ndiaidh na paindéime.

9. Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Eanáir 2021 maidir le rochtain ar thithíocht chuibhiúil agus inacmhainne do chách.

10. An toradh a bhí ar an gComhdháil Ardleibhéil ‘Eoraip an lae amárach: Comhionannas Inscne agus an Geilleagar’ a tionóladh i bPrág an 3 agus an 4 Deireadh Fómhair 2022, áit ar cuireadh i bhfios go láidir an gá atá le comhionannas inscne a chosaint agus a chur chun cinn i gcomhthéacs réaltachtaí nua amhail cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, an ghéarchéim tithíochta agus bochtaineacht fuinnimh, mar aon leis an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh dhaoine óga sa lá atá inniu ann, d’fhonn Aontas an Chomhionannais a bhaint amach amárach.

11. An toradh a bhí ar an gComhdháil Ardleibhéil ‘Dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh: Cur chuige an Aontais agus dea-chleachtais a chomhroinnt’ a tionóladh i bPrág an 24 Deireadh Fómhair 2022, inar cuireadh i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar chás leochaileach na mban, máithreacha aonair agus mná scothaosta den chuid is mó, i ndáil le bochtaineacht fuinnimh.

**DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS**

12. Cé go bhfuil tús curtha leis an téarnamh eacnamaíoch ón bpaindéim, tá sé fós neamhiomlán. Mar thoradh ar na srianta a tugadh isteach chun an phaindéim a shrianadh in earrach 2020 agus ina dhiaidh sin, tháinig meath ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch. Cuireadh bac ar chonair an téarnaimh a leagadh síos i samhradh na bliana céanna mar gheall ar an iliomad tosca, lena n-áirítear an t-ardú ar phraghas roinnt mhaith tráchtearraí, suaití sna slabhraí soláthair domhanda, brúnna boilscitheacha, agus tonnta nua COVID-19 as ar eascair srianta arís i go leor tíortha.

13. Spreag an phaindéim díospóireacht maidir le conas téarnamh atá freagrúil ó thaobh inscne de a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, tá deis ar leith curtha ar fáil ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta acmhainní urghnácha a dhíriú ar bhearta a chuireann le comhionannas inscne. Mar sin féin, níor glacadh go leordhóthanach leis an deis sin i gcónaí toisc gur minic nach léirítear go leordhóthanach gné an chomhionannais inscne sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta agus nach ndearnadh ach fíorbheagán beart chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na mban. Tá an cúram téarnamh a áirithiú atá freagrúil ó thaobh inscne de níos práinní fós anois mar gheall ar na dúshláin shocheacnamaíocha bhreise atá tagtha chun cinn.

14. Tá mná agus fir óga an-leochaileach ó dhroch-iarmhairtí eacnamaíocha ghéarchéim COVID-19. Ós rud é gur minic a bhíonn daoine óga ag obair i bpoist shealadacha agus pháirtaimseartha nó in earnálacha diantheagmhála, is dóichí go mbeidís leagtha as foirne nó go dtiocfadh laghdú ar a gcuid am oibre. Ina theannta sin, is minic a ghabhann daoine óga tréimhsí oiliúna gan íocaíocht de láimh. Cé go bhfuil fir óga ag dul isteach arís i margadh an tsaothair arís i roinnt mhaith Ballstát, bíonn dífhostaíocht níos fadtréimhsí i gceist do mhná óga[4]. Cuireann na dúshláin atá ann faoi láthair brú breise ar mhná óga agus ar fhir óga agus treisíonn siad an baol nach mbeidh glúin óg an lae inniu chomh maith as leis na glúine a chuaigh rompu.

4 EIGE (2022) *Young women and men in the aftermath of the COVID-19 pandemic* [Mná agus fir óga tar éis phaindéim COVID-19] Faisnéis bheartais.

15. Cé go raibh ró-ionadaíocht ag mná in earnálacha ar lú an tionchar a bhí ag caillteanais post orthu le linn na paindéime, cosúil leis an oideachas agus an tsláinte, tháinig laghdú níos airde orthu ar an iomlán i líon iomlán na n-uaireanta iarbhír a oibríodh ná fir[5]. Ina theannta sin, le linn na paindéime, i gcomparáid leis an staid roimhe sin, thuairiscigh níos lú ban go raibh freagrachtaí cúraim á roinnt go cothrom lena gcomhpháirtithe agus thuairiscigh níos mó acu go raibh orthu formhór na hoibre cúraim gan íocaíocht a ghlacadh. Dá bhrí sin, chuir an phaindéim leis an neamhionannas inscne atá ann cheana trí bhuanú a dhéanamh ar na róil thraidisiúnta inscne laistigh den réimse príobháideach, le mná óga ag glacadh orthu ní hamháin formhór an chúraim leanaí agus na hoibre tí ach cúraimí na scolaíochta baile a dhéanamh freisin. Bhí tionchar diúltach suntasach ar chothromaíocht oibre is saoil na mban, ar an meabhairshláinte agus ar fholláine fhoriomlán agus ar a neamhspleáchas eacnamaíoch mar thoradh ar níos mó ama a chaitheamh ar dhualgais chúraim ar chostas deiseanna oibre íoctha agus am fóillíochta. Is amhlaidh atá an scéal go háirithe maidir le mná a bhfuil leanaí óga acu.

[5] EIGE (2022) *Young women and men in the aftermath of the COVID-19 pandemic* [Mná agus fir óga tar éis phaindéim COVID-19] Faisnéis bheartais.

16. Mar gheall ar phaindéim COVID-19, cuireadh de cheangal ar go leor Eorpach a nósanna oibre a athrú agus glacadh leis an domhan ar líne trí oiriúnú do chleachtais teilea-oibre. Tá méadú tagtha freisin ar an úsáid a bhaintear as cineálacha solúbtha oibre, le huaireanta oibre neamhchaighdeánacha mar shampla. Bhí ar go leor daoine obair sa bhaile a chomhnascadh le cúram a thabhairt dá mbaill teaghlaigh. Tá an t-ualach breise ar mhná a bpatrúin oibre a oiriúnú agus ról na gcúramóirí breise a imirt freisin, rud a chuir leis an neamhionannas atá ann cheana. Le linn na dtréimhsí dianghlasála, thuairiscigh máithreacha gur cuireadh isteach ar an obair 50 % níos minice ná aithreacha[6]. I gcás teaghlaigh bhochta agus teaghlaigh atá imeallaithe go heacnamaíoch, bhí tionchar diúltach ag an bpaindéim ar dheiseanna fostaíochta agus ar rochtain ar oideachas do leanaí. Beidh an teilea-obair agus an obair hibrideach san Eoraip i ndiaidh na paindéime ag brath ar réimse leathan tosca, lena n-áirítear a dtionchar ar tháirgiúlacht, eagrú oibre agus dálaí oibre. Mar sin féin, má ghlactar leis go mbeidh an teilea-obair linn go deo, ní mór aghaidh a thabhairt go práinneach ar na dúshláin nua a bhaineann leis maidir le comhionannas inscne agus ní mór ceart na n-oibrithe chun dícheangail agus staonadh ó pháirt a ghlacadh i gcumarsáid leictreonach a bhaineann leis an obair lasmuigh d’uaireanta oibre a áirithiú. Níor cheart an teilea-obair a bheith ina rogha mhalartach ar obair oifige do mhná amháin, rud a atreiseodh steiréitíopaí agus cleachtais idirdhealaitheacha. Ar an taobh eile, dá n-úsáidfí i gceart í, d’fhéadfadh teilea-obair dáileadh cothrom na hoibre íoctha agus na hoibre cúraim neamhíoctha a chothú idir fir agus mná. Ina theannta sin, d’fhéadfadh rochtain chomhionann ar nascacht agus ar theicneolaíochtaí digiteacha cabhrú leis an mbearna scileanna digiteacha a dhúnadh. Tá sé tábhachtach freisin dea-chleachtas a mhalartú i réimse an comhionannas inscne a chur chun cinn i gcomhthéacs na teilea-oibre.

[6] *Gender equality and the socio-economic impact of the COVID-19 pandemic, 2021*[Comhionannas Inscne agus tionchar socheacnamaíoch phaindéim COVID-19]

17. Agus iad ag obair sa bhaile, d'fhéadfadh mná a bheith níos nochta ar fhoréigean teaghlaigh agus ar chineálacha eile foréigin ag an obair, lena n-áirítear foréigean, ciapadh agus mí-úsáid inscnebhunaithe ar líne. Ní mór aghaidh a thabhairt freisin ar rioscaí méadaithe an fhoréigin a bhaineann leis an teilea-obair.

18. Mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, tá géarchéim dhaonnúil ag dul in olcas san Eoraip agus tá os cionn 7.4 milliún duine ag teitheadh ón Úcráin[7] agus easáitíodh 7 milliún eile laistigh den Úcráin[8]. Is mná agus leanaí iad 90 % díobh siúd atá ag teitheadh ón ngéarchéim[9].

19. Fiú amháin tar éis cosaint shealadach a bheith tugtha dóibh san Aontas, tá go leor de na daoine a theith ón Úcráin, go háirithe mná agus cailíní na hÚcráine, fós ag dul i ngleic le bacainní éagsúla, lena n-áirítear easpa tithíochta, rochtain theoranta ar chúrsaí oiliúna agus teanga, deacrachtaí le dul isteach sna margaí saothair, easpa oideachais agus cúraim luath-óige (ECEC), agus rochtain neamhleor ar chúram sláinte. Ina theannta sin, tá mná agus cailíní óga, go háirithe, i mbaol foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe agus gáinneáil ar dhaoine. Is gá cobhsaíocht a athbhunú i saol na ndaoine sin a d'fhág an Úcráin, lena n-áirítear trí fhostaíocht chóir a áirithiú do dhaoine fásta agus trí chúram agus oideachas ardcháilíochta a áirithiú don óige agus do leanaí, lena n-áirítear ECEC, chomh maith le rochtain ar an gcultúr, agus trí chosaint a thabhairt ar dhúshaothrú, ar gháinneáil agus ar fhoréigean. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gcosaint sin do mhná agus leanaí na hÚcráine a bhfuil cineálacha éagsúla cóiríochta sealadaí acu, áit a bhféadfaí teacht i dtír ar a leochaileacht.

---

7 Na Náisiúin Aontaithe (2022) Tairseach Sonraí Oibriúcháin/Staid na nDídeanaithe san Úcráin

8 Na Náisiúin Aontaithe (2022) UNHCR / an Úcráin: *Internally Displaced Persons* (IDP) [Daoine a Easáitíodh go hInmheánach]

9 Na Náisiúin Aontaithe (2022) UNHCR/ Éigeandáil san Úcráin

20. Le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá scáth dorcha caite ar an ionchas eacnamaíoch, rud a chuir deireadh leis an téarnamh leochaileach a bhí ar siúl. Leis an méadú mór atá tagtha ar phraghsanna tráchtearraí, rud a chuireann le brúnna boilscitheacha agus le hioncam agus caiteachas a shrianadh, tá brú mór á chur ar shlite beatha daoine ar fud an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, is dúshlán breise do gheilleagair na hEorpa, a bhfuil brú orthu cheana féin mar gheall ar imeachtaí a tharla le déanaí, teacht na milliún duine atá easáitithe as an Úcráin, mná agus leanaí den chuid is mó.

21. Tá tionchar éagsúil ag an staid eacnamaíoch reatha san Eoraip ar fhir agus ar mhná mar gheall ar neamhionannais inscne struchtúracha a bhí ann cheana. Tá mná óga beagnach dhá oiread níos dóchúla ná fir óga níos mó ná ceithre huaire an chloig in aghaidh an lae a chaitheamh ar dhualgais agus ar thascanna cúraim leanaí[10]. Ní hamháin go dtreisítear neamhionannas i réimse na hoibre cúraim gan íocaíocht le steiréitíopaí inscne agus uaireanta beartais ECEC agus saoire neamhleora, ach freisin toisc go dtuilleann mná níos lú ná fir ar an meán, rud a spreagann teaghlaigh chun an tsamhail a bhuanú inarb é an fear an príomhshaothraí agus gurb í an bhean an príomhchúramóir baile. Mar thoradh ar sciar níos mó de dhualgais chúraim a bheith orthu, fanann go leor ban óg lasmuigh de mhargadh an tsaothair tar éis dóibh a gcuid oideachais a chríochnú nó cuireann siad isteach ar a ngairmréim ag céim luath. Is dóchúla freisin gurb iad mná seachas fir a bheadh ag obair go páirtaimseartha nó ar conradh solúbtha nó neamhthipiciúla. Is bunchúis le neamhionannais inscne i bpá agus i bpinsin agus le baol níos airde bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta na mban é go ndéanann mná cion díréireach d'obair chúraim gan íocaíocht.

---

[10] EIGE (2022) *Young women and men in the aftermath of the COVID-19 pandemic* [Mná agus fir óga tar éis phaindéim COVID-19] Faisnéis bheartais.

22. Tá géarchéim tithíochta os comhair na hEorpa. Roimh phaindéim COVID-19, bhí méadú suntasach ag teacht ar na costais a bhaineann le tithíocht cheana féin. Le linn na tréimhse ó 2010 go dtí an chéad ráithe de 2022, tháinig méadú 17 % ar chíosanna agus tháinig méadú 45 % ar phraghsanna tithe san Aontas[11]. Bhí tionchar diúltach ar leith ag na costais tithíochta níos airde, go háirithe aonaid bheaga tithíochta, ar an nglúin óg. Mar gheall ar easpa coigiltis agus ioncaim íseal, ní féidir le daoine óga infheistíocht a dhéanamh i maoin dá gcuid féin a thabharfadh cobhsaíocht don todhchaí go fisiciúil agus go mothúchánach agus ó thaobh airgeadais de. Tarraingítear go leor daoine óga chuig an margadh fostaíochta i gcathracha móra agus, dá bhrí sin, braitheann siad go mór ar rochtain ar an margadh cíosa agus ar shoghluaisteacht. Mar gheall ar an méadú ar chostais tithíochta, leanann go leor daoine óga de bheith ina gcónaí lena dteaghlaigh[12] nó ní mór dóibh árasáin a chomhroinnt ar feadh tréimhse níos faide ná mar ba mhian leo, agus is minic a bhíonn orthu dul i ngleic le dálaí róphlódaithe. Is féidir le mná óga, go háirithe teaghlaigh aontuismitheora agus mná de bhunadh eachtrach, lena n-áirítear mná a easáitíodh as an Úcráin, iad féin a aimsiú i gcásanna atá an-leochaileach freisin go páirteach toisc gur féidir cineálacha sonracha idirdhealaithe agus mí-úsáide i gcomhthéacs na rochtana ar thithíocht a bheith ann dóibh.

---

[11] Eurostat (2021) *One in five people in the EU at risk of poverty or social exclusion* [Duine as cúigear san Aontas Eorpach atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta]

[12] In 2019, ba é áras an teaghlaigh an phríomhrogha thithíochta do 80 % de dhaoine óga idir 18 agus 24 bliana d'aois.

23. Chuir boilsciú ard, paindéim COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin leis an méadú sna costais mhaireachtála, lena n-áirítear praghas earraí agus seirbhísí, fuinnimh agus tithíochta. Mar gheall ar spleáchas na hEorpa ar ghás nádúrtha na Rúise agus soláthar laghdaithe gáis nádúrtha ón Rúis, tá méadú suntasach tagtha ar phraghas an fhuinnimh, rud a fhágann daoine leochaileacha ar lár. Cheana féin in 2020, ní raibh 8 % de dhaonra an Aontais in ann a mbaile a théamh go leordhóthanach[13]. Eascraíonn bochtaineacht fuinnimh as meascán d'ioncam íseal, praghsanna arda fuinnimh, agus droch-éifeachtúlacht fuinnimh, go háirithe i bhfoirgnimh, agus bíonn tionchar níos mó aici ar mhná ná ar fhir. Mar gheall ar neamhionannais ioncaim, bíonn níos lú ioncaim indiúscartha ag mná le caitheamh ar chostais arda fuinnimh, agus tá go leor acu ina gcónaí i dtithíocht le droch-insliú agus le héifeachtúlacht íseal fuinnimh. Is dúshlán ar leith é costas an fhuinnimh do mhná atá in aois scoir agus a bhfuil cónaí orthu i dteaghlaigh duine amháin. Thairis sin, tá patrúin éagsúla tomhaltais fuinnimh ag mná i gcomparáid le fir[14]. Go hiondúil caitheann mná scothaosta agus mná dífhostaithe níos mó ama sa bhaile, rud a mbíonn tionchar aige freisin ar a n-ídiú fuinnimh. Ar deireadh, bíonn mná níos feasaí faoi ró-thomhaltas agus bíonn siad níos toilteanaí a bpatrúin tomhaltais a athrú le linn géarchéimeanna. Mar sin féin, bíonn siad fós faoi ghannionadaíocht san earnáil fuinnimh agus san oideachas agus sa taighde a bhaineann le fuinneamh, rud a chuireann cosc orthu páirt a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta sa réimse sin.

[13] An Coimisiún Eorpach (2022) 'Bochtaineacht fuinnimh san Aontas Eorpach'

[14] Parlaimint na hEorpa (2019) *Women, Gender Equality and the Energy Transition in the EU:* [Mná, Comhionannas Inscne agus an tAistriú Fuinnimh san Aontas Eorpach]: Staidéar arna iarraidh ag an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne
Parlaimint na hEorpa (2017) *Gender Perspective on Access to Energy in the EU*: [An Pheirspictíocht Inscne maidir le Rochtain ar Fhuinneamh san Aontas Eorpach]: Staidéar le haghaidh an Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

24. Cé gur feiniméan forleathan í an bhochtaineacht nó an t-eisiamh sóisialta[15], tá sé baineannaithe go mór, agus bíonn éifeacht níos mór ar na mná ná ar na fir. Anuas air sin, cé go bhfuil sciar tábhachtach de theaghlaigh aontuismitheora i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, is mná iad beagnach 85 % de theaghlaigh aontuismitheora san Aontas[16]. Ar fud an Aontais, tá mná agus fir óga an-leochaileach ó thaobh drochiarmhairtí eacnamaíocha de dheasca phaindéim COVID-19, agus is mó an baol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta agus an baol díothachta ábhartha do mhná óga ná d'fhir óga[17]. Ina theannta sin, bíonn ar mhná óga aghaidh a thabhairt ar bhacainní agus steiréitíopaí inscneacha agus iad ag dul isteach i margadh an tsaothair agus ag glacadh páirte ann, agus ní hamháin gur fadhb láithreach í sin ach tá iarmhairtí fadtéarmacha aici, a leathnaíonn na bearnaí pá agus pinsin idir na hinscní agus a chuireann teorainn le deiseanna na mban ar feadh a saoil.

25. I bhfianaise thionchar an athraithe aeráide atá ag dul in olcas, cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus spleáchas na hEorpa ar ghás nádúrtha na Rúise agus an soláthar laghdaithe gáis nádúrtha ón Rúis, tá sé níos práinní ná riamh an t-aistriú glas a thabhairt i gcrích. Mar sin féin, gan beartais tionlacain leordhóthanacha, is féidir grúpaí áirithe, lena n-áirítear mná agus fir óga, a fhágáil ar lár leis an aistriú glas. Ba cheart do na beartais agus don chreat dlíthiúil le haghaidh aistriú glas cóir freastal ar riachtanais na glúine óige agus ba cheart dóibh a bheith freagrúil ó thaobh inscne de. Ba cheart guthanna óga a áireamh go fóinteach agus go héifeachtach sa phróiseas ceaptha beartas laistigh den Aontas agus níos faide i gcéin, go háirithe toisc gur saincheist dhomhanda iad an t-athrú aeráide agus costais mhéadaitheacha fuinnimh agus go mbíonn tionchar diúltach ar leith acu ar mhná óga agus ar na glúine atá le teacht. Ní mór do mhná óga agus d'fhir óga na scileanna agus na hinniúlachtaí a shealbhú a chuirfidh ar a gcumas a gcion a dhéanamh, agus na deiseanna a ghabhann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach a thapú.

---

**15** In 2021, bhí duine as cúigear san Aontas Eorpach i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Eurostat (2022) *Living conditions in Europe - poverty and social exclusion* [Dálaí maireachtála san Eoraip - bochtaineacht agus eisiamh sóisialta]

**16** EIGE (2016) *Poverty, gender and lone parents in the EU* [Bochtaineacht, inscne agus tuismitheoirí aonair san Aontas Eorpach]

**17** EIGE (2022) *Young women and men in the aftermath of the COVID-19 pandemic* [Mná agus fir óga tar éis phaindéim COVID-19] Faisnéis bheartais.
Eurostat (2022) *Material and social deprivation rate by age and sex* [Ráta díthe ábhartha agus sóisialta de réir aoise agus inscne]

26. Tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh aistriú an Aontais i dtreo geilleagar aeráidneodrach agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi 2050 cothrom agus nach bhfágfar aon duine ar lár. D'iarr an tsochaí shibhialta agus, go háirithe, daoine óga, go ndéanfaí gníomhaíocht níos uaillmhianaí chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus chun leochaileacht níos mó na nglún óg agus na mban i leith tionchair dhiúltacha aeráide a chur san áireamh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus na gcailíní uile agus cothromas idirghlúine a urramú agus a chur chun cinn sa chomhthéacs sin. D'fhéadfadh infheistíochtaí i ngeilleagair ghlasa, dhigiteacha agus chúraim poist bhreise a chruthú don óige. Mar sin féin, i ngeall ar neamhionannais agus steiréitíopaí inscne atá ann cheana, ní hionann an tairbhe do mhná agus d'fhir. D'fhéadfadh gnóthachain trí infheistíocht spriocdhírithe sa digitiú agus sa gheilleagar glas a bheith níos mó d'fhir óga ná do mhná óga mura ndéantar gníomhaíocht dhiongbháilte chun a áirithiú go nglacfaidh mná páirt iomlán i dtionscnaimh um aistriú cóir[18]. Thairis sin, is minic a bhíonn dálaí oibre in earnáil an chúraim forbhásach agus is gá iad a fheabhsú.

[18] An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (2022) *Global Employment Trends for Youth 2022: Europe and Central Asia* [Treochtaí Domhanda don Óige 2022: An Eoraip agus an Áise Láir]

27. Chuir na freagairtí ar phaindéim COVID-19 dlús leis an aistriú digiteach, agus tugtar deis agus dúshlán araon leis sin don chomhionannas inscne. I dtodhchaí na hoibre tiocfaidh méadú ar an éileamh ar ghairmithe teicneolaíochta amhail innealtóirí ríomhaireachta agus speisialtóirí TFC[19]. Is ann go fóill, áfach, do leithscaradh inscne soiléir in oideachas agus gairmeacha TFC agus ba cheart aghaidh a thabhairt air sin. Is féidir le claontacht inscne an bhearna dhigiteach sin a dhoimhniú a thuilleadh, rud a dteipeann ar roinnt uirlisí agus próiseas intleachta saorga a chur san áireamh go minic. Ós rud é gur gá an téarnamh i ndiaidh na paindéime tarlú i gcomhréir leis na haistrithe glasa agus digiteacha, is cinnte go mbeidh ról níos tábhachtaí ná riamh ag inniúlachtaí ETIM[20] sa gheilleagar amach anseo. Tá sé ríthábhachtach spéis na gcailíní in ábhair ETIM a spreagadh, dul i ngleic le steiréitíopaí inscne agus an tsíleáil ghloine a bhriseadh chun cuimsiú comhionann na mban a chothú sa mhargadh saothair amach anseo. Thairis sin, ní mór bearta spriocdhírithe, cláir forbartha agus gairmthreoir a bheith ann atá saor ó steiréitíopaí inscne chun cabhrú le cailíní agus mná óga a mhealladh agus iad a choinneáil i ngairmeacha a bhaineann le ETIM agus chun buachaillí agus fir a spreagadh chun dul isteach in earnáil an chúraim agus in earnáil an oideachais, na sláinte agus an leasa. Chun steiréitíopaí inscne a chomhrac agus chun rochtain ar mhargadh an tsaothair a chumasú do mhná, go háirithe mná óga, ba cheart díriú freisin ar bheith ag obair le fir ar shaincheisteanna amhail ról na bhfear mar chúramóirí agus cosc an fhoréigin inscnebhunaithe.

28. Ní grúpa aonchineálach iad mná agus cailíní. Is éagsúil an réaltacht dóibh, ag brath ar go leor tosca, mar shampla cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, oideachas, stádas socheacnamaíoch, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh, rudaí lena gcuirtear le chéile iad a chinnfidh na deiseanna a bheidh acu agus na dúshláin ar leith a bheidh rompu. Dá bhrí sin ní mór an trasnachas a chur san áireamh mar go mbíonn tionchar difriúil aige ar ghrúpaí éagsúla daoine óga.

---

[19] Teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide.
[20] Eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic.

29. Tógann an tacar conclúidí seo ar obair a rinneadh cheana agus ar ghealltanais pholaitiúla ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún agus ó gheallsealbhóirí ábhartha sa réimse sin, lena n-áirítear sna doiciméid a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS**

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh acu, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

30. A áirithiú go gcuirfear comhionannas inscne agus comhdheiseanna do chách san áireamh agus chun cinn go críochnúil le linn chur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

31. Gníomhaíochtaí rialtais a fhorbairt chun bearta náisiúnta bainistithe géarchéime a cheapadh atá cuimsitheach, rannpháirteach agus íogair ó thaobh inscne de, agus a mbeidh idir mhná agus fhir rannpháirteach iontu, lena n-áirítear ionadaithe eagraíochtaí um chearta na mban, eagraíochtaí óige agus grúpaí leochaileacha.

32. Príomhshruthú inscne agus óige a chur chun cinn agus tacaíocht á tabhairt do dhaoine, go háirithe mná agus cailíní, a easáitíodh as an Úcráin agus as áiteanna eile ar domhan agus céimeanna a thabhairt chun cobhsaíocht a athbhunú ina saol agus a áirithiú go lánpháirteofar iad go hiomlán i margadh an tsaothair agus sa tsochaí, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

   a. iad a chosaint ar dhúshaothrú, gáinneáil, mí-úsáid ghnéasach, agus foréigean agus ciapadh inscnebhunaithe, agus tacú le híospartaigh an fhoréigin;
   b. rochtain chothrom ar an bhfostaíocht, ar an ngairmoideachas agus ar ghairmoiliúint agus foghlaim aosach, chomh maith le cóireáil chothrom sna réimsí sin, agus rochtain ar oideachas agus cúram na luath-óige agus ar oideachas scoile a áirithiú do leanaí;
   c. freagairt go solúbtha don éileamh méadaithe ar shaoráidí ECEC; agus
   d. cearta an duine, a aithnítear go hidirnáisiúnta i ndáil leo, a chosaint.

33. Leas iomlán a bhaint as cistí an Aontais, amhail an Ciste Tearmainn agus Imirce, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, chun lánpháirtiú imirceach a chur chun cinn, de réir na riachtanas a shainaithnítear ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, agus aird ar leith a thabhairt ar riachtanais na mban agus na gcailíní.

34. Rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a éascú, go háirithe trí mhéadú ar rannpháirtíocht na bhfear i gcúram agus ar infhaighteacht, inacmhainneacht agus cáilíocht seirbhísí ECEC do leanaí agus seirbhísí cúraim do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, trí fheabhas a chur ar an gcomhréiteach idir cúram agus obair, agus trí chomhroinnt chothrom na hoibre cúraim gan íocaíocht idir mná agus fir a chur chun cinn.

35. Tuiscint agus feasacht níos fearr a chur chun cinn maidir leis an ngá atá le dáileadh comhionann oibre idir mná agus fir, i dtaca le cúram gan íocaíocht agus obair tí, mar réamhriachtanas don chomhionannas inscne, agus creat a cheapadh agus a bhunú chun comhroinnt chothrom na hoibre ar íocaíocht agus na hoibre cúraim gan íocaíocht idir mná agus fir a chur chun cinn, lena n-áirítear bearta chun saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a chomhréiteach.

36. Leithscaradh cothrománach agus ingearach inscne araon a chomhrac i margadh an tsaothair agus in oideachas agus taighde, go háirithe i gcomhthéacs an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.

37. Leanúint de bhearta éifeachtacha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar leithscaradh cothrománach san oideachas, san oiliúint agus i ngairmeacha beatha ar gach leibhéal. Go háirithe, rochtain chomhionann do mhná agus do chailíní ar TFC a chur chun cinn go gníomhach, agus aghaidh a thabhairt ar gach cineál deighilte inscne sa chomhthéacs sin, lena n-áirítear trí scileanna digiteacha na mban agus na gcailíní a fheabhsú agus trí thacú le mná a leanann gairmréimeanna in TFC, d’fhonn iad a spreagadh chun fanacht san earnáil TFC.

38. Bearta a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol méadaithe foréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean páirtí dlúthchaidrimh, agus foréigean teaghlaigh, agus chun an baol sin a chosc.

39. Príomhshruthú inscne agus óige a chur chun cinn i gceapadh, cur chun feidhme agus meastóireacht na mbeart arna ndéanamh chun dul i ngleic leis an ngéarchéim eacnamaíoch, ar fud na n-earnálacha uile, agus bunaithe ar shonraí atá ann cheana. An comhar leis an tsochaí shibhialta, leis na comhpháirtithe sóisialta, le heagraíochtaí um chearta na mban, chomh maith le heagraíochtaí don óige agus leis an saol acadúil, a threisiú i gceapadh, cur chun feidhme agus meastóireacht na mbeart sin.

40. Tacaíocht a chur ar fáil, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais, d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chuireann comhionannas inscne chun cinn, go háirithe eagraíochtaí um chearta na mban, ós rud é gurb iad atá thíos leis an ngéarchéim eacnamaíoch dhomhanda, agus go bhfuil méadú ag teacht, mar thoradh ar an ngéarchéim sin, ar an éileamh ar na seirbhísí a chuireann siad ar fáil.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AGUS AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus imthosca náisiúnta na mBallstát á gcur san áireamh, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

41. Dlúthpháirtíocht idirghlúine a chur chun cinn agus a áirithiú go mbeidh cur chun feidhme na mbeartas téarnaimh i ndiaidh na paindéime freagrúil ó thaobh aoise agus inscne de. A áirithiú go cinnte go gcuirfear riachtanais shonracha na ngrúpaí is leochailí san áireamh go hiomlán le linn chur chun feidhme na mbeartas sin.

42. A áirithiú go mbeidh an cúnamh daonnúil don Úcráin freagrúil ó thaobh inscne de agus go dtabharfar aghaidh ar riachtanais na mban, na bhfear, na gcailíní agus na mbuachaillí atá i staideanna leochaileacha, chomh maith le gach grúpa éagsúil atá i mbaol an imeallaithe, lena n-áirítear mionlaigh eitneacha amhail an pobal Romach, daoine LGBTI, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus mionlaigh reiligiúnacha.

43. Oideachas, oiliúint agus fostaíocht daoine óga, go háirithe mná, a chur chun cinn i réimse na dteicneolaíochtaí nuálacha, idir ghlas agus digiteach.

44. Idirphlé fóinteach leis an nglúin óg a chothú agus rannpháirtíocht daoine óga atá cothrom ó thaobh inscne de agus gníomhach a chur chun cinn i gceapadh beartas agus i gcinnteoireacht ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus ar fud réimsí beartais ábhartha uile an Aontais. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar rannpháirtíocht chothrom fhóinteach na gcailíní agus na mban a mhéadú sa phróiseas ceaptha beartas agus sa chinnteoireacht.

45. Príomhshruthú inscne agus óige a chur chun cinn i ngach taighde, cinneadh agus beartas a bhaineann leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú glas.

46. Sonraí atá imdhealaithe ó thaobh aoise agus inscne de a bhailiú agus a scaipeadh, go háirithe sonraí maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh agus príomhshruthú inscne a chur chun cinn i ngach beartas a bhaineann leis an mbochtaineacht fuinnimh.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH an méid seo a leanas a dhéanamh:**

47. Agus meastóireacht á déanamh ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, aird ar leith a thabhairt ar an gcaoi ar cuireadh cuspóirí an chomhionannais inscne agus na gcomhdheiseanna do chách agus príomhshruthú na gcuspóirí sin san áireamh i bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta agus ina gcur chun feidhme.

**<u>Iarscríbhinn a ghabhann leis an IARSCRÍBHINN</u>**

**Tagairtí**

1. **Idirinstitiúideach AE**

*European Pillar of Social Rights* [Colún Eorpach na gCeart Sóisialta]
https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/social-summit-european-pillar-social-rights-booklet_en.pdf

2. **Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh**

Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan spleáchas do thionscnamh ciníoch nó eitneach *(IO L 180, 19.7.2000, lgh 22-26.)*

Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha. *(IO L 303, 2.12.2000, lgh. 16-22.)*

Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint *(IO L 212, 7.8.2001, lgh. 12-23)*

Treoir 2004/113/CE an 13 Nollaig 2004 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí. *(IO L 373, 21.12.2004, lgh. 37-43.)*

Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (athmhúnlú) *(IO L 204, 26.7.2006, lgh. 23-36.)*

Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019, maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle *(IO L 188, 12.7.2019, lgh 79–93.)*

Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. (*IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17-75.)*

**3. An Chomhairle**

Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige 2019-2027] *(IO C 456, 18.12.2018, lgh. 1-22)*

Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú agus lena ndéantar ionadú ar an Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú. (IO C 372, 4.11.2020, lgh. 1-9)

Moladh ón gComhairle an 10 Márta 2014 maidir le creat ardchaighdeáin do chúrsaí oiliúna. *(IO C 88, 27.3.1024, lch. 1-4)*

Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí. *(IO L 223, 14.6.2021, lgh. 14-23.)*

Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú. *(IO C 243, 27.6.2022, lgh. 35-51)*

Na conclúidí uile ón gComhairle maidir le comhionannas inscne agus ábhair ábhartha eile, lena n-áirítear go háirithe iad siúd a luaitear thíos:

– Conclúidí ón gComhairle maidir le margaí saothair níos cuimsithí a bhaint amach (7017/15)

– Conclúidí ón gComhairle maidir le Scileanna na mBan agus na bhFear i Margadh Saothair an Aontais Eorpaigh a Fheabhsú (6889/17)

– Conclúidí ón gComhairle maidir le bearta feabhsaithe chun leithscaradh inscne cothrománach a laghdú san oideachas agus san fhostaíocht (15468/17)

– Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní a Dhúnadh: Príomhbheartais agus Bearta (10349/19)

– Conclúidí ón gComhairle maidir le Geilleagar na Dea-Bhaile (13432/19)

– Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhionannas Inscne i nGeilleagair an Aontais: An Bealach Chun Cinn: Breithniú ar 25 bliana de Chur chun Feidhme Chlár Oibre Bhéising don Ghníomhaíocht (14938/19)

– Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní a Ghleic: Obair Ar Íocaíocht agus Obair Chúraim Gan Íocaíocht a Luacháil agus a Dháileadh (13584/20)

– Conclúidí ón gComhairle maidir leis an teilea-obair (9747/21)

– Conclúidí ón gComhairle maidir le Tionchar Socheacnamaíoch COVID-19 ar an gComhionannas Inscne (8884/21)

– Conclúidí ón gComhairle maidir le Tionchar na hIntleachta Saorga ar an gComhionannas Inscne i Margadh an tSaothair (14750/21)

4. **An Chomhairle Eorpach**

Dearbhú Porto arna shíniú ag na Ceannairí Stáit agus Rialtais an 8 Bealtaine 2021

https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2021/05/08/the-porto-declaration/

5. **An fhoireann trí Uachtaránacht**

Dearbhú Trípháirteach ón Uachtaránacht maidir le Comhionannas Inscne, arna shíniú ag an bhFrainc, ag Poblacht na Seice agus ag an tSualainn (Eanáir 2022)

6. **An Coimisiún Eorpach**

Straitéis an Aontais maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac (8090/21)

An Straitéis Eorpach um Chúram (COM(2022) 440 final)

Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Tuarascáil athbhreithnithe ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (COM(2022) 383 final) Plean Gníomhaíochta maidir le Lánpháirtiú agus Cuimsiú 2021-2027 (COM(2020) 758 final)

Tuarascáil 2022 maidir le comhionannas inscne san Aontas Eorpach (7006/1/22 REV 1)

Aontas an Chomhionannais: Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025. 6678/20. (Tagairt an Choimisiúin: (COM(2020)152 final.)

Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (6649/21 + ADD 1 + ADD 2)

‘An Bhochtaineacht Fuinnimh san Aontas Eorpach’

https://energy.ec.europa.eu/topics/markets-and-consumers/energy-consumer-rights/energy-poverty_en

*Women in the digital age* [Mná sa ré dhigiteach], 2018

*Women in the digital age* [Mná sa ré dhigiteach] – Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (europa.eu).

7. **Parlaimint na hEorpa**

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Aibreán 2022 maidir le cosaint an Aontais Eorpaigh do leanaí agus do dhaoine óga atá ag teitheadh mar gheall ar an gcogadh san Úcráin (2022/2618(RSP))

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2022 maidir le cumhachtú Óige na hEorpa: téarnamh fostaíochta agus téarnamh sóisialta i ndiaidh na paindéime (2021/2952(RSP))

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Eanáir 2021 maidir le rochtain ar thithíocht chuibhiúil agus inacmhainne do chách (2019/2187(INI))

*Gender Perspective on Access to Energy in the EU* [An Pheirspictíocht Inscne maidir le Rochtain ar Fhuinneamh san Aontas Eorpach]: Staidéar le haghaidh an Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2017/596816/IPOL_STU(2017)596816_EN.pdf

*Women, Gender Equality and the Energy Transition in the EU* [Mná, Comhionannas Inscne agus an tAistriú Fuinnimh san Aontas Eorpach]: Staidéar arna iarraidh ag an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2019/608867/IPOL_STU(2019)608867_EN.pdf

8. **An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)**

*Gender Equality and the socio-economic impact of the COVID-19 pandemic* [Comhionannas Inscne agus tionchar socheacnamaíoch phaindéim COVID-19], (an 26 Bealtaine 2021)

https://eige.europa.eu/publications/gender-equality-and-socio-economic-impact-covid-19-pandemic

'Inscne agus fuinneamh'

https://eige.europa.eu/publications/gender-and-energy

*Young women and men in the aftermath of the COVID-19 pandemic* [Mná agus fir óga tar éis phaindéim COVID-19] Faisnéis bheartais. (4 Deireadh Fómhair 2022)

https://eige.europa.eu/publications/young-women-and-men-aftermath-covid-19-pandemic

'*Poverty, gender and lone parents in the EU*' [Bochtaineacht, inscne agus tuismitheoirí aonair san Aontas Eorpach]

https://eige.europa.eu/publications/poverty-gender-and-lone-parents-eu

**9. Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) maidir le comhionannas inscne (SOC/731-EESC-2022)

'Teleworking and gender equality – *conditions so that teleworking does not exacerbate the unequal distribution of unpaid care and domestic work between women and men and for it to be an engine for promoting gender equality.* [Teilea-obair agus comhionannas inscne – coinníollacha ionas nach gcuirfear le dáileadh neamhionann an chúraim gan íocaíocht agus na hoibre tí idir mná agus fir de bharr na teilea-oibre, agus chun go mbeidh sí ina hinneall chun an comhionannas inscne a chur chun cinn]. (SOC/662-EESC-2020.)

'*Hybrid Conference on Affordable and Decent Housing in the EU*' [Comhdháil hibrideach maidir le Tithíocht Inacmhainne agus Chuibhiúil san Aontas Eorpach], 6 Eanáir 2022

https://www.eesc.europa.eu/sites/default/files/files/en_conclusions_affordable_and_decent_housing_in_the_eu.pdf

**10. Eurofound**

Eurofound (2021), *Impact of COVID-19 on young people in the EU* [Tionchar COVID-19 ar dhaoine óga san Aontas Eorpach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

**11. Eurostat**

'*One in five people in the EU at risk of poverty or social exclusion*' [Duine as gach cúigear san Aontas Eorpach atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta]

https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-eurostat-news/-/edn-20211015-1

'*Material and social deprivation rate by age and sex*' [Ráta díthe ábhartha agus sóisialta de réir aoise agus inscne]

https://appsso.eurostat.ec.europa.eu/nui/show.do?dataset=ilc_mdsd07&lang=en

'*Rents up by 17%, house prices by 45% since 2010*' [Cíosanna ardaithe 17 %, praghsanna tithe 45 % ó 2010 i leith]

https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-eurostat-news/-/ddn-20220708-1

'*Living conditions in Europe - poverty and social exclusion*' [Dálaí maireachtála san Eoraip — bochtaineacht agus eisiamh sóisialta]

https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Living_conditions_in_Europe_-_poverty_and_social_exclusion#Key_findings

**12. An Banc Domhanda**

'*Global Growth to Slow through 2023, Adding to Risk of "Hard Landing" in Developing Economies*' [Fás Domhanda le moilliú le linn 2023, rud a chuirfidh le tuirlingt throm sna geilleagair i mbéal forbartha] (Preaseisiúint Uimh. 2022/038/EFI)

**13. Na Náisiúin Aontaithe**

Tairseach Sonraí Oibriúcháin / Staid na nDídeanaithe Úcránacha

https://data.unhcr.org/en/situations/ukraine

UNHCR / an Úcráin: *Internally Displaced Persons* (IDP) [daoine a easáitíodh go hinmheánach]

https://www.unhcr.org/ua/en/internally-displaced-persons

UNHCR / an Géarchéim san Úcráin

https://www.unrefugees.org/emergencies/ukraine/

**14. An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair**

*Global Employment Trends for Youth 2022: Europe and Central Asia* [Treochtaí Fostaíochta Domhanda 2022]: An Eoraip agus an Áise Láir]

https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_emp/documents/briefingnote/wcms_853326.pdf